

SCÉIM AN FHORAIS

RIARACHÁIN

2015 - 2018

Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla

2003

CLÁR ÁBHAR	LCH.
CAIBIDIL 1 - RÉAMHEOLAS / CÚLRA	1
1.1 Treoirlínte 'Ullmhú Scéime	1
1.2 Ábhar na Scéime Teanga	1
1.3 Dáta Tosaigh na Scéime	1
1.4 Forbhreathnú ar an bhForas Riaracháin	2
1.5 Custaiméirí agus cliaint	7
1.6 Measúnú ar a bhfuil ar fáil de sheirbhísí as Gaeilge cheana féin	7
CAIBIDIL 2 - SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ/GNÍOMHAÍOCHTAÍ GINEARÁLTA INSTITIÚIDEACHA	8
2.1 Slite chun Cumarsáid a dhéanamh leis an bPobal	8
2.2 Suíomh Idirlín	8
2.3 Fógraí Béil agus daoine a ghlaonn chuig an bhForas	8
CAIBIDIL 3 ACHOIMRE SEIRBHÍSÍ/GNÍOMHAÍOCHTAÍ ARNA GCUR AR FÁIL AG RANNÓGA	9
3.1 Réamheolas	9
3.2 An Rannóg Oideachais	9
3.3 An Rannóg Taighde	9
3.4 An Rannóg Oiliúna	10
3.5 An Rannóg Foilseachán agus Caidrimh Chorparáidigh	10
3.6 An Rannóg Airgeadais agus Córais Faisnéise	10
3.7 An tAonad Acmhainní Daonna	10
3.8 Achoimre an Phlean a chuirfear i nGníomh	11
CAIBIDIL 4 - FEABHSÚCHÁN SEIRBHÍSÍ	12
4.1 Feabhsúchán Seirbhísí Tacaíochta	12
4.2 Earcaíocht	12
4.3 Oiliúint & Forbairt Foirne	12
CAIBIDIL 5 - MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ	13
CAIBIDIL 6 –POIBLIÚ NA SCÉIME ATÁ AONTAITHE	13

CAIBIDIL 1 – RÉAMH-EOLAS / CÚLRA

Is í seo an dara scéim teanga atá ullmhaithe ag an bhForas Riaracháin de réir *Ailt 15* d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (dá nglaofar “an tAcht” as seo ar aghaidh). In *Alt 11* déantar foráil d’ullmhú scéime reachtúla ag comhlachtaí poiblí ina mionsonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil;

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go gcuirfear seirbhís ar bith nach bhfuil á cur ar fáil ag an gcomhlacht trí mheán na Gaeilge ar fáil laistigh de thréimhse chomhaontaithe.

Cuireadh an chéad scéim teanga de chuid an Fhorais i ngníomh thar thréimhse trí bliana ón 01 Aibreán 2007. Tógfar an scéim seo ar chéad chéim de chuid an Fhorais agus ar an ngnás agus an chleachtas atá i bhfeidhm sa bhForas, agus ar phrionsabail Seirbhís Chustaiméara den Scoth, chomh maith.

1.1 Treoirínite d’Ullmhú Scéime

Forálann *Alt 12* den Acht d’ullmhú treoirínite leis an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus go n-eisítear iad chuig comhlachtaí poiblí mar chabhair chun scéimeanna a ullmhú. Dréachtaíodh an scéim seo tar éis dul i gcomhairle leis an bhfoireann agus le luchtanna leasa ionadacha agus cuireadh aighneachtaí agus moltaí a fuarthas mar bhonn eolais fúithi. Is mór leis an bhForas an méid ama agus an obair chrua atá curtha isteach ag gach duine a raibh baint aige leis an bpróiseas.

Sa scéim leagtar amach na spriocanna atá curtha roimhe ag an bhForas don trí bliana seo chugainn agus taispeánann sí na réimsí tosaíochta. Beidh an fhreagracht as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar Bhainistíocht Shinsearach an Fhorais.

1.2 Ábhar na Scéime Teanga

Is trí Bhéarla a sholáthraítear mórchuid na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair. Tá líon beag ball foirne ag a bhfuil cumas labhartha agus/nó cumas scríofa Gaeilge acu ag an bhForas.

Dá bhrí sin tá socrú déanta gurb iad tosaíochtaí na scéime seo ná:

1. Cumas Gaeilge na foirne a chur chun cinn tuilleadh - cumas labhartha agus scríofa araon
2. Feasacht i measc na mball foirne a chur chun cinn ar ábhar agus cuspóir na scéime
3. Pleanáil a dhéanamh chun cumas Gaeilge na mball foirne a mhéadú d’fhonn gur féidir le breis ball den bhfoireann fiosruithe as Gaeilge a fhreagairt.

1.3 Dáta Tosaigh na Scéime

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ó 18 Bealtaine 2015 agus beidh sí i bhfeidhm go ceann thréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun *Ailt 15* den Acht, cibé acu is déanaí.

1.4 Forbhreathnú ar an bhForas Riaracháin

1.4.1 An Foras

Is é an Foras Riaracháin an lárionad náisiúnta in Éirinn um fhorbairt deachleachtais in riarachán agus bainistíocht phoiblí. Tá ár gcuid clár oideachais sainchumtha le haghaidh riachtanas a bhíonn ag seirbhísigh phoiblí, agus tugann ár gcuid seirbhísí foilsitheoireachta agus taighde guth eolasach agus fóram díospóireachta agus pléite faoi shaincheisteanna na seirbhíse poiblí.

Bhunaigh grúpa seirbhíseach poiblí díograiseach an Foras in 1957. D'aithin siad go raibh gá le staidéar an riaracháin phoiblí agus na caighdeáin a ghabhann leis a chur chun cinn. Fostaithe na seirbhíse poiblí den chéad scoth ab ea bunaitheoirí an Fhorais: Rinneadh Taoiseach de dhuine dá bhunaitheoirí, an Dr Garret FitzGerald, fear a chuir lámh lena chuid airteagal agus meabhrán comhlachais. Chuimhnigh siad ar shamhlacha oideachais ó thíortha thar lear ar nós an Ecole Nationale d'Administration i bPáras, scoil a imríonn tionchar fíorláidir ar na uasaicmí seirbhís phoiblí na Fraince agus ar fud riaracháin phoiblí na Fraince.

Ghabh na daoine saoihiúla seo orthu féin dul i mbun pléite le príomhbhainisteoirí na hearnála poiblí d'fhonn fíis a fhorbairt de sheirbhís phoiblí nua-aimseartha in Éirinn., agus thóg siad eagraíocht a mbeidh 60 bliain slánaithe aici nach mór faoin am seo i mbun na físe atá acu. A bhuíochas lena bhfuil bainte amach aige le déanaí agus san am atá thart agus a bhuíochas leis an obair a dhéanann an fhoireann agus an bhainistíocht, tá bonn láidir aige ag an bpointe seo mar ghníomhaireacht forbartha don earnáil phoiblí in Éirinn, a chuireann seirbhísí, taighde agus oiliúint ar fáil go saineolaíoch.

Agus é ina chomhlacht deonach, rinneadh cuideachta theoranta faoi ráthaíocht den bhForas sa bhliain 1963. Is féidir le gach duine atá i mbun staidéar a dhéanamh ar riarachán poiblí, nó ar suim leo tabhairt faoi, ballraíocht a fháil. Is féidir le comhlachais seirbhíse poiblí, ranna rialtais, údaráis áitiúla, FSS agus comhlachtaí reachtúla ballraíocht chorparáideach a fháil.

Déanann an Foras a chuid gnó i 6 cinn de thithe sraithe Seoirseacha agus ó Lárionad Oiliúna agus Oideachais i mBóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4.

Sa lá atá inniu ann meallann an Foras seirbhísigh phoiblí go Bóthar Lansdún ó gach cearn den tír chomh maith le mic léinn as SAM, Lár agus Oirthear na hEorpa agus as an Áis. Mar an gcéanna, taistealaíonn baill foirne an Fhorais ar fud na tíre, chuig an Eoraip, an Afraic agus chuig áiteanna eile thar lear chun a gcuid sainseirbhísí a sheachadadh.

1.4.2 Ár Ráiteas Físe

Is é cuspóir an Fhoras Riaracháin ná:

Tuiscint, caighdeán agus cleachtas an Riaracháin Phoiblí agus an Bheartais Phoiblí a chur chun cinn.

Tá cóip de Straitéis Chorparáideach an Fhorais ar fáil ach í a iarraidh nó is féidir í a íoslódáil ó shuíomh idirlín an Fhorais - www.ipa.ie

Eolas Mionsonraithe ar ár Struchtúr agus Eagrúchán
Tá Struchtúr an Fhorais mar seo a leanas:

Bord

Tá an Bord comhdhéanta de cheathrar ball déag den bhord a cheaptar de réir Meabhrán agus Airteagal Comhlachais an Fhorais. Bíonn cruinniú ag an mBord gach mí agus is iad na príomhfheidhmeanna atá aige ná:

- misean an Fhorais a shainmhíniú, cinneadh a dhéanamh ar a spriocanna straitéiseacha agus beartais a fhorbairt atá riachtanach chun na spriocanna sin a bhaint amach;
- a chinntiú go gcomhlíonann an Foras a chuid freagrachtaí mar atá leagtha amach faoi agus trína chuid rialacha rialúcháin;
- ceannaireacht, fíis agus treoir a thabhairt don bhForas;
- deabhainistíocht a chinntiú, monatóireacht a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach ag an bhfoireann bainistíochta, sócmhainní an Fhorais a chosaint agus a chinntiú go mbaintear cothromaíocht chuí amach idir rólanna an bhoird agus an fhoireann bainistíochta faoi seach;
- spriocanna feidhmíochta a chur lena n-áirítear spriocanna airgeadais agus go háirithe, buiséad a chomhaontú agus dlúth-fhaireachán a dhéanamh air;
- ról an Fhorais sa phobal a shainmhíniú agus a chur chun cinn trí shásraí a fhorbairt chun tuairimí chustaiméirí agus luchtanna leasa a thiomsú agus trí dhaoine a choinneáil ar an eolas ar shlí oscailte chuntasach fhreagrach; agus
- Príomhfheidhmeanna a cheapadh agus spriocanna feidhmíochta fadtéarmacha a chomhaontú leis/léi.

Tá na coistí seo a leanas curtha ar bun mar fheidhm tacaíochta don Bhord:

1. Coiste Riaracháin
2. Coiste Iniúcháireachta
3. Coiste Airgeadais agus Straitéise

Uachtarán agus Leas-Uachtarán

Molann an Bord cé a cheaptar mar Uachtarán agus déantar an rogha a dhaingniú ag Cruinniú Cinn Bhliana an Fhorais. Ceaptar é/í i gcomhair tréimhse trí bliana agus beidh sé/sí incháilithe chun a c(h)eaptha i gcomhair tréimhse oifige amháin eile. Ceaptar na Leas-Uachtaráin sa tslí céanna.

Tá an tUachtarán freagrach as gníomhú mar chathaoirleach ar an gCruinniú Cinn Bhliana agus as éisteacht le hachomhairc faoi chinntí an Bhoird maidir le baill a dhíbirt as an bhForas.


Cathaoirleach

Toghann baill an Bhoird an Cathaoirleach. Tá sé/sí freagrach as

- a chinntiú go dtuigeann baill an bhoird a rólanna agus freagrachtaí corparáideacha agus go bhfuil siad éifeachtach i ngach gné dá ról.
- a chinntiú go gcomhlíonann an bord a chuid feidhmeanna go héifeachtúil éifeachtach chun go ndéileáiltear leis an ngnó ar fad atá ar na bacáin agus go bhfuil gach mír ghnó curtha i gcrích;
- go ndéanann an bord dóthain údaráis a tharmligean ar a chuid choistí agus ar an bPríomhfheidhmeannach chun gur féidir gnó na heagraíochta a réachtáil go éifeachtach idir na cruinnithe boird
- go dtugtar an deis do gach ball a chuid tuairimí a chur in iúl sula nglactar cinneadh tábhachtach, go ndéantar eadráin más gá; agus
- go bhfaigheann an bord comhairle phroifisiúnta nuair a bhíonn gá léi.

Ard-Stiúrthóir

Ceapann an Bord Ard-Stiúrthóir a sheolann bainistiú agus comhordú beartais agus cláir an Fhorais. Tuairiscíonn na rannóga Oideachais, Oiliúna, Taighde, Foilseacháin & Caidrimh Phoiblí mar aon leis na feidhmeanna tacaíochta foirne ar fad don Ard-Stiúrthóir. Tá na socruithe tuairiscithe seo mínithe thíos:



1.4.3 Na Rannóga

Oideachas

Ba é soláthar seirbhísí oideachais don tseirbhís phoiblí príomhghníomhaíocht an Fhorais riamh. Tairgtear cláir bunchéime, dioplóma agus teastais trí chianoideachas nó trí léachtaí ag an Lárionad Oiliúna agus Oideachais i mBóthar Lansdún. Tairgtear cláir iarchéime trí chianoideachas agus tacaítear leo trí fhreastal ar sheimineáir agus ranganna teagaisc a chuirtear ar siúl i mBaile Átha Cliath. Glacadh leis an bhForas Riaracháin mar choláiste aitheanta de chuid Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath in 2011. Sa bhliain 2004 sheol an Foras Scoil Whitaker um Rialtas agus Bainistíocht, scoil ina dtugtar le chéile ár gcuid gníomhaíochtaí oideachais, taighde agus forbartha gairmiúla ar shlí shineirgísteach.

Taighde

Is sa bhForas atá aon t-aon acmhainn taighde atá saincheaptha do bhainistiú poiblí. Seirbhís taighde uileghabhálach shaindeánta í seo atá dírithe ar chabhair a thabhairt d'eagraíochtaí chun barr a gcumais a bhaint amach. Seachadaimid taighde fheidhmeach ar bhonn coimisiúin agus sinne ag obair as lámh a chéile le cliant chun fadhbanna a aimsiú agus réitigh eolasacha a bhaint amach a dhéanann difríocht.

Leabharlann

Sa leabharlann bheag speisialaithe cuirtear eolas, ábhar tagartha agus seirbhísí iasachta ar fáil do mhic léinn, bhaill agus d'fhoireann an Fhorais. Mura bhfuil ar chumas cliant dul go dtí an leabharlann go pearsanta is féidir ábhar a lorg ach litir, facs nó r-phost a sheoladh nó glaoch a chur ar an leabharlann. Tá rochtain ar chatalóg fhairsing na leabharlainne ó shuíomh idirlín an Fhorais ag www.ipa.ie.

Foilsitheoireacht

Is é an Foras an t-aon fhoilsitheoir in Éirinn atá ag díriú go speisialta ar théacsanna faoi riarachán poiblí agus bainistíocht phoiblí. Inár gcuid leabhar agus tréimhseachán déantar eolas a sholáthar agus a anailísiú ar réimsí beartais a léiríonn fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus mic léinn an riaracháin phoiblí agus an bhainistithe poiblí spéis iontu. Lena chois sin is acmhainn áisiúil iad foilseacháin an Fhorais do pholaiteoirí, tráchtairí, leabharlanna agus daoine eile nach iad a chuireann suim ar leith i ngnóthaí poiblí na hÉireann. Ar na topaicí áirítear eacnamaíocht, oideachas, rialtas agus polaitíocht, bainistiú cúram sláinte, gnóthaí idirnáisiúnta, dlí, rialtas áitiúil, gnóthaí poiblí, bainistiú acmhainní daonna, bainistiú airgeadais agus gnóthaí sóisialta.

Ballraíocht agus Caidreamh Corparáideach

Is é an Foras an comhlacht proifisiúnta d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí. Freastalaíonn sé orthu siúd sa tseirbhís phoiblí, ar údarais phoiblí, an tseirbhís shláinte, comhlachtaí stáit-mhaoinithe, an earnáil oideachais, an Garda Síochána agus na Fórsaí Cosanta. Aithníonn ár gcuid seirbhísí ballraíochta agus caidrimh chorparáidigh na héilimh atá roimh sheirbhísigh phoiblí agus a gcuid eagraíochtaí agus cuireann siad tionscnaimh chun cinn a chabhróidh leo chun dul i ngleic leis na dúshláin seo. Coinnítear na baill ar an eolas faoi shaincheisteanna maidir le bainistíocht phoiblí trí rochtain a thabhairt dóibh ar fhaisnéisiú speisialta, ríomh-nuachtlitir agus an iris Administration. Lena chois sin tugtar lamháltais dóibh ar fhoilseacháin agus seirbhísí eile. Téitear i gcomhairle le baill faoi shaincheisteanna reatha maidir le bainistiú poiblí agus soláthar seirbhíse an Fhorais amach anseo agus ar an gcuma seo cuireann siad le héirim phroifisiúnta an Fhorais.

Oiliúint agus Forbairt

Soláthraíonn Rannóg Oiliúna agus Forbartha an Fhorais oiliúint, forbairt ghairmiúil, comhairleoireacht, seimineáir agus comhdhálacha atá sainchumtha chun freastal ar riachtanais fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Oibríonn an Rannóg i gcomhpháirtíocht le cliant sna húdarais áitiúla, i gcúram sláinte, sa tseirbhís phoiblí agus in earnálacha gníomhaireachtaí stáit chun scileanna agus inniúlachtaí nua a fhorbairt. Baineann an dearadh cláir atá againn úsáid as saincheisteanna gnó atá bunaithe ar fhíor-obair chun foghlaim agus forbairt a bhrú chun cinn. Tá saineolas ag ár gcuid speisialtóirí i ndisciplín

faoi leith (mar shampla bainistíocht, Acmhainní Daonna, TF, bainistiú airgeadais agus forbairt phearsanta) mar aon le tuiscint dhomhain ar an earnáil phoiblí. Déanann roinnt ball foirne forbairt beartais a rianú i dtaobh earnálacha áirithe agus eagraíonn siad deiseanna chun saincheisteanna tráthúla a phlé agus chun machnamh a dhéanamh orthu.

- **An tAonad Ceannaireachta agus Bainistíochta:**

Cuireann sé cláir cheannaireachta, bhainistíochta agus fhorbartha pearsanta ar fáil do gach cuid den earnáil phoiblí.

- **Aonad na Seirbhísí um Fhorbairt Acmhainní:**

Cuireann sé sainoiliúint ghairme agus sainoiliúint don úsáideoir deiridh ar fáil d'fhonn inniúlachtaí a fhorbairt i réimsí an bhainistithe airgeadais, na gcóras agus teicneolaíochta faisnéise, agus i mbainistiú acmhainní daonna.

- **Aonad Forbartha na hEarnála Gnó:**

Cuireann sé sainbheartas, sainfhaisnéis agus sainchomhairleoireacht mar aon le seirbhísí tacaíochta eile ar fáil d'earnálacha an rialtais áitiúil, na sláinte, an rialtais lárnaigh agus na ngníomhaireachtaí stáit. Cuireann sé saintacaíocht agus sainimeachtaí ar fáil do ghairmithe oiliúna agus forbartha. Comhordaíonn sé seirbhísí margáíochta agus cuireann ionad ilfhreastail ar fáil do chliant a dhéanann teagmháil leis an aonad Oiliúna.

- **Seirbhísí Idirnáisiúnta**

Cuireann siad sainseirbhísí comhairleoireachta agus oiliúna ar fáil ar fhorbairt na hearnála poiblí agus athchóiriú riaracháin phoiblí ag an leibhéal idirnáisiúnta. Ar na cliant áirítear an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, cláir chúnamh an Choimisiúin Eorpaigh agus bronntóirí iltaobhacha agus déthaobhacha. Tá na tairbhíthe in Oirthear na hEorpa agus i Lár na hEorpa, sna Balcáin agus san Afraic.

An Lárionad Oiliúna agus Oideachais

Suite taobh le stáisiún Dart Bhóthar Lansdún, fíorchóngarach do Dhroichead na Dothra, osclaíodh Lárionad Oiliúna agus Oideachais úrscothach an Fhorais i mí Feabhra 2000.

- **An Lárionad Oiliúna agus Oideachais - Áiseanna**

Tá gach seomra sa Lárionad feistithe sa teicneolaíocht um uathobriú seomra is déanaí.

Féadann ionad gnó an Lárionad Oiliúna agus Oideachais éascaíocht a dhéanamh d'ochtar, le réimse seirbhísí lena n-áirítear rochtain ar an idirlíon, rochtain ar chatalóg fhairsing leictreonach na leabharlainne agus ar áiseanna priontála/cóipeála.

Tá teicneolaíochtaí líonraithe gan sreang ar fáil ar fud an fhoirgnimh. Síneann an líona seo go dtí ár gcuid gairdíní tírdhrechtaithe, mar sin is féidir lenár gcliaint siúl timpeall agus an t-idirlíon a bhrabhsáil agus leas a bhaint as ár seirbhísí líonra ag an am céanna. Tá áiseanna físchomhdhála ar fáil leis, agus tá foireann theicneolaíochta lánoilte ag tabhairt tacaíochta dár gcuid áiseanna.

Seirbhísí Corparáideacha

Soláthraíonn seirbhísí corparáideacha an Fhorais - Acmhainní Daonna agus Córais Airgeadais & Faisnéise - réimse leathan seirbhísí proifisiúnta a chumasaíonn príomhghníomhaíochtaí an Fhorais.

1.5 Custaiméirí agus Cliaint

Is iad príomhchustaiméirí an Fhorais ná a chuid mac léinn agus rannpháirtithe cúrsa a bhfuil dualgas cúraim ar leith aige ina leith. Lena chois sin bíonn sé ag idirghníomhú le hinstiúidí agus gníomhaireachtaí oideachais eile agus leis an ngnáthphobal chomh maith. Áirítear iad seo a leanas ar a phríomhbhonn cliaint:

- An Státseirbhís
- Údarás Áitiúla
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Comhlachtaí poiblí neamhthráchtála
- Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath
- An Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
- Mic léinn

Beidh feidhm ag na gealltanais um chaighdeán seirbhíse custaiméara ar ghlac an Foras Riaracháin leo maidir le seachadadh seirbhísí dár gcustaiméirí i dtaobh na seirbhísí sin, cibé iad a bheith á seachadadh trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.

1.6 Measúnú ar a bhfuil ar fáil de sheirbhísí as Gaeilge cheana féin

Is é cuspóir na scéime seo ná leanúint de bheith ag seachadadh na gealltanais a rinneadh roimhe seo agus tógáil ar an ndul chun cinn atá bainte amach ar fud an Fhorais i dtréimhse na scéime roimhe seo. Sa scéim leagtar amach gealltanais thar ceann an Fhorais agus a fhoirne go bhforbrófar a bhfuil ar fáil de sheirbhísí trí Ghaeilge faoi láthair agus aimsíonn sí réimsí a gcuirfeadh feabhas orthu amach anseo.

Bunófar an scéim nua leis, ar phrionsabail Seirbhís Chustaiméara Ardcháilíochta agus leanfaidh sí de bheith ag cinntiú go ndéanfar éascaíocht do dhaoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Is í príomhfheidhm an Fhorais ná cúrsaí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil mar aon le taighde agus comhairleoireacht agus ní raibh ach fíorbheagán éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Cuirtear formhór mór na seirbhísí ar fáil trí mheán an Bhéarla. Leanfaidh an scéal ar aghaidh mar seo san am atá amach romhainn chomh fada agus is féidir linn a mheas.

Is iad Bliainiris agus Dialann an Fhorais príomhfhoilseachán an Fhorais. Is é atá inti ná eolas ar gach eagraíocht san earnáil phoiblí agus ar mhórchuideachtaí Éireannacha, dialann agus faisnéis staitistiúil chomh maith le taighde. Tugtar ainmneacha na n-eagraíochtaí go dátheangach cheana féin. Tá laethanta agus míonna sa dialann i nGaeilge agus i mBéarla agus ina theannta sin tá rannóg áisiúil dhátheangach ar théarmaí a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí. Coinneofar an méid Gaeilge seo sa Bhliainiris agus Dialann.

CAIBIDIL 2 - SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ/GNÍOMHAÍOCHTAÍ GINEARÁLTA

INSTITIÚIDEACHA

Sa chaibidil seo leagtar amach an córas maidir leis na teangacha oifigiúla atá á chur i ngníomh ag an bhForas i ndáil le gnáthsholáthar a chuid seirbhísí. I gCaibidil 3 leagtar amach an scéal i ndáil le soláthar seirbhíse/gníomhaíochtaí i Rannóga éagsúla an Fhorais.

2.1 Slite chun Cumarsáid a dhéanamh leis an bPobal/Faisnéis a chur chuig an bpobal

Faoi dheireadh tréimhse na scéime seo beidh foirmeacha iarratais cineálacha ag an bhForas i gcónaí i nGaeilge agus i mBéarla i gcomhair cláir oideachais agus oiliúna agus cláir fhorbartha. Beidh mionsonraí cúrsa ar fáil i dteanga a sheachadta i gcónaí. Atreisiónn an Foras na moltaí a rinneadh sa chéad scéim.

De réir forálacha ailt 9(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla tabharfar freagra i nGaeilge do chliant a scríobhann chugainn i nGaeilge. Tugann an Foras gealltanais go dtabharfar an freagra seo laistigh de choicís agus go mbeidh sé ar an gcaighdeán céanna le freagra a thabharfaí i mBéarla. Freastalóidh oifigeach Gaeilge ar chliant ar mhaith leo a gcuid gnó a dhéanamh thar an nguthán nó i bpearsain. Beidh beannachtaí bunúsacha Gaeilge ar eolas ag foireann an deasc fáiltithe agus iarrfaidh siad ar oifigeach Gaeilge déileáil leis an gcliant i bpearsain nó thar an nguthán. Más eol don bhForas gur mian leis an gcliant cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge cuirfear gach comhfhreagras chuig an duine sin sa teanga sin.

Cuirfear óráidí nó preaseisiúintí a bhaineann le cúrsaí Gaeilge ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon go comhuaineach i gcónaí. Lena chois sin eiseofar na preaseisiúintí sonracha seo san dá theanga go comhuaineach - preaseisiúintí a bhaineann le foilsíú Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Straitéise.

2.2. Suíomh Idirlín

Foilseofar gach ábhar stadach ar shuíomh idirlín an Fhorais Riaracháin san dá theanga ach amháin na comhchodanna seo a leanas. Is i mBéarla amháin a bheidh siad;

- Comhchodanna atá dírithe ar lucht éisteachta idirnáisiúnta
- Comhchodanna de shainchineál teicniúil
- Cláir /cúrsaí atá bunaithe ar an idirlíon agus a sheachadtar i mBéarla amháin.

2.3 Fógraí Béil agus daoine a ghlaonn chuig an bhForas

Ó thús na 2ú Scéime cinnteoidh an Foras go gcomhlíonfaidh an fáilteoir nó an t-oibreoir lasc-chláir le cleachtas caighdeánach seirbhíse custaiméara ardcháilíochta arb é go bhfuil

- ar chumas an fháiltitheora/na foirne lasc-chláir ainm an chomhlachta phoiblí a thabhairt i nGaeilge.
- Go bhfuil ar a laghad na beannachtaí bunúsacha ar eolas acu i nGaeilge.
- Go bhfuil socruithe cuí déanta chun gur féidir leo baill den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as seirbhís a thairiscint trí Ghaeilge má tá sí ar fáil nó gur féidir leo a chinntiú go mbeidh freagra ar fáil go pras.

CAIBIDIL 3 - ACHOIMRE SEIRBHÍSÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ ARNA GCUR AR FÁIL AG RANNÓGA

3.1 Réamheolas

Sa Chaibidil seo leagtar amach an scéal maidir le soláthar seirbhíse/idirghníomhú seachtach na Rannóga laistigh den bhForas agus leis an bpobal i gcoitinne. Tugtar liosta inti de na réimsí tosaíochta a ndéanfar gníomh iontu faoin scéim seo.

Aithníonn an Foras go bhfuil de cheart ag na cliaint seirbhíse Gaeilge a lorg agus déanfaidh sé a dhícheall, de réir breathnaithe maidir le hinmharthanacht, freastal ar iarratais dá shórt.

3.1.1 Tosaíocht don Scéim seo

Is iad tosaíochtaí na scéime seo ná:

1. Leanúint orainn ag cur feabhais ar chumas an Fhorais seirbhíse a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla
2. Cumas Gaeilge na foirne a chur chun cinn - cumas labhartha agus scríofa araon
3. Feasacht i measc na mball foirne a chruthú ar ábhar agus cuspóir na scéime
4. Pleanáil a dhéanamh chun cumas Gaeilge na mball foirne a mhéadú d'fhonn gur féidir le breis ball den bhfoireann fiosruithe as Gaeilge a fhreagairt.

3.2 An Rannóg Oideachais

3.2.1 Iontrálacha céimithe agus iarchéimithe

Leanfar de bheith ag tabhairt an rogha do mhic léinn ar mian leo clárú i gcláir Oideachais an fhoirm Ghaeilge a úsáid. Féach thuas maidir leis na leaganacha Béarla agus Gaeilge den bhfoirm seo.

3.2.2 An Leabharlann

Seo í ceann de na réimsí tosaíochta chun seirbhíse dátheangacha a fhorbairt do mhic léinn agus baill foirne. Beidh an bhileog réamheolais do mhic léinn nua agus na fógraí a thaispeántar timpeall na leabharlainne dátheangach agus san aon cháipéis amháin, agus faoi dheireadh na scéime beidh ball den bhfoireann ar fáil chun seirbhís duine le duine a chur ar fáil i nGaeilge ag amanna ainmnithe (i gcaitheamh na seachtaine ar fad) a chuirfear na húsáideoirí ar an eolas fúthu.

3.3 An Rannóg Taighde

De bharr go mbeidh tuarascálacha taighde dírithe i gcónaí ar léitheoirí a labhraíonn Béarla, leanfar de bheith á dtáirgeadh i mBéarla amháin.

3.4 An Rannóg Oiliúna

Tá baill den bhfoireann ainmnithe mar theagmhálaithe do chliaint ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

3.5 An Rannóg Foilseachán agus Caidrimh Chorparáidigh

Leanfar de bheith ag foilsiú leabhar agus foilseachán eile i mBéarla. Reáchtálfar seimineáir trí Bhéarla agus ullmhófar bróisiúir a ghabhann leo i dteanga a seachadta.

3.6 An Rannóg Airgeadais agus Córais Faisnéise

Tá an Oifig Airgeadais freagrach as soláthar agus íocaíochtaí agus dá réir sin is í a fhógraíonn conarthaí, a chuireann na doiciméid tairisceana le chéile, a íocann sonraisc, tuarastail agus a ullmhaíonn na cuntais bhliantúla. Leanfaidh sé air ag comhlíonadh na nósanna imeachta reachtúla um fhógraíocht agus de réir mar a rinneadh sa chéad scéim eiseofar sonraisc sa bhformáid dhátheangach.

De réir mar a shuiteáiltear córais ríomhaire nua beidh siad go hiomlán ‘comhoiriúnach ó thaobh a bheith dátheangach’. Faoi dheireadh na 2ú scéime beidh seirbhísí tacaíochta idirghníomhacha agus córais ríomhaire ar fáil go dátheangach ar bhonn céimnithe:

- De réir mar a chuirtear seirbhísí nua leis
- De réir mar a dhéantar seirbhísí reatha a uasghrádú

3.7 An tAonad Acmhainní Daonna

Tá an tAonad seo freagrach as folúntais foirne a fhógairt, foirmeacha iarratais a dhéanamh, as sonrú poist a chur le chéile agus as agallaimh a shocrú. Lena chois sin tá sé freagrach as leas agus araíonacht foirne. Ós rud é go ndéanann formhór mór de chliaint an Fhorais a gcuid gnó i mBéarla, reáchtálfar agallaimh i mBéarla. Is cuma an i nGaeilge nó i mBéarla atá Curricula Vitae, caithfear go cothrom leo.

Glacfaidh an tAonad Acmhainní Daonna freagracht as an bhfoireann a chur ar an eolas faoin scéim agus faoina dualgais a ghabhann léi. Beidh cóipeanna crua den scéim ar fáil ón Aonad Acmhainní Daonna.

3.8 Achoimre an Phlean a chuirfear i nGníomh

Go hachomair, tugann an Foras gealltanas go gcomhlíonfar iad seo a leanas thar saolré na scéime:

Rannóg	Gealltanas	Dáta ar a mbeidh an sprioc bainte amach
Gach Rannóg	Ainmniú baill foirne ainmnithe mar theagmhálaithe le haghaidh fiosrúchán as Gaeilge	Lean ar aghaidh
	Bróisiúr seirbhísí	Leanfar dá fhorbairt
Oideachas agus Oiliúint	Rogha chun clárú i gcláir Oideachais/Oiliúna i nGaeilge nó i mBéarla	Lean ar aghaidh
Leabharlann	Beidh bileoga eolais ar fáil go dátheangach sa Leabharlann	Lean ar aghaidh
Oiliúint	Ainmniú baill foirne ainmnithe mar theagmhálaithe don nGaeilge	Láithreach bonn
Foilseacháin agus Caidreamh Corparáideach	Beidh cainteanna agus preaseisiúintí faoin nGaeilge ar fáil i nGaeilge	Ar siúl
	Tugtar leagan dátheangach d'ainmneacha eagraíochtaí sa Bhliainiris agus Dialann. Tá ainmneacha laethanta na seachtaine agus na míonna sa dialann i nGaeilge agus i mBéarla chomh maith agus tá rannóg ar théarmaí a bhaineann leis an earnáil phoiblí ann.	Lean ar aghaidh
Airgeadas & Córas Faisnéise	Cuirfear seirbhísí tacaíochta idirghníomhacha agus córais ríomhaire ar fáil go dátheangach ar bhonn céimnithe de réir mar a chuirtear seirbhísí nua leis agus mar a dhéantar sean-seirbhísí a uasghrádú	Ar siúl
Acmhainní Daonna	Is cuma an i nGaeilge nó i mBéarla atá Curricula Vitae, caithfear go cothrom leo.	Ar siúl
	Cuirfear gach ball foirne nua ar an eolas faoin scéim agus na dualgais a ghabhann leis	Ar siúl
	Cuirfear ranganna Gaeilge ar fáil do bhaill foirne ar suim leo iad	Deireadh 2015
Seirbhísí Corparáideacha	Beidh an chomharthaíocht sna príomhfhoirgnimh dátheangach	Ar siúl

Tá gealltanas leanúnach ag an bhForas oiliúint chuí a chur ar fáil agus tacaíonn sé le forbairt gach ball foirne. Faoi réir éilimh agus soláthair ón bhuiséad cuirfidh an Foras oiliúint bhreise sa Ghaeilge ar fáil d'fhoireann na deiscefáiltithe.

Faoi réir éilimh, molann an Foras go nglacfar na bearta seo a leanas ar fud tréimhse na scéime chun leibhéal na Gaeilge i measc foireann an Fhorais a chur chun cinn trí:

- Treoir a thabhairt do bhaill foirne aonair ar mian leo fógraí glórphoist dátheangacha a fhágáil ar a sás láimhe pearsanta.

CAIBIDIL 4 - FEABHSÚCHÁN SEIRBHÍSÍ

4.1 FEABHSÚCHÁN SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Tá roinnt ball foirne sa bhForas a bhfuil cumas Gaeilge réasúnta acu. Cuirfear oiliúint ar fáil thar shaolré na scéime chun leibhéal chumais sa Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an Fhorais. Cuireadh tús le hoiliúint don bhfoireann ag bunleibhéal agus meánleibhéal i mí Mheán Fómhair 2014.

4.2 Earcaíocht

Beidh riachtanais an Fhorais chun a chuid dualgas faoin Acht a chomhlíonadh mar bhonn eolais ag earcaíocht a dhéanann an Foras, go háirithe i bpríomhréimsí ar nós rúnaíocht, deasc fáiltithe agus cásanna poiblí áirithe ina bhfuil an Ghaeilge riachtanach. Glacfaidh an tAonad Acmhainní Daonna na bearta seo a leanas chun go n-earcófar líon cuí ball foirne a bhfuil cumas Gaeilge acu agus go gcoinneofar sa bhForas iad i dtreo is gur fearr a bheifear in ann gealltanais na Scéime seo a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs seo

- Glacfaidh boird agallaimh cumas Gaeilge san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu faoi oiriúnacht iarrthóirí do phoist chuí sa bhForas.
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt inniúlachtaí teanga ball foirne a bhfuil cumas Gaeilge feidhmiúil acu. Tabharfar aird ar leith ar rannóga nach bhfuil ach fíorbheagán fostaithe le Gaeilge iontu.

Cuirfear gach earcaí nua ar an eolas faoi dheiseanna forbartha chun feabhas a chur ar a gcumas Gaeilge.

4.3 Oiliúint & Forbairt Foirne

Tá gealltanais leanúnach ag an bhForas oiliúint chuí a chur ar fáil agus tacaíonn sé le forbairt gach ball foirne. Beidh Roinn na nAcmhainní Daonna ag obair le baill foirne chun:

- Oibríthe deonacha a lorg ar fud an Fhorais chun seirbhísí a sholáthar agus cabhrú chun an scéim a chur i ngníomh agus acmhainní (m.sh. foclóirí Gaeilge srl.) a thabhairt do na baill foirne siúd.
- Tosaíochtaí maidir le hoiliúint a phlé le baill foirne ar suim leo é, agus cláir forbartha a chur ar bun i gcomhthéacs Plean Corparáideach an Fhorais.
- Faoi réir éilimh agus buiséid forbraíochta, cúrsaí breise in-tí a fhorbairt agus a dhearadh ag leibhéal éagsúla Gaeilge. Cuirfear béim ar scileanna labhartha agus éisteachta agus tabharfar aird ar an nGaeilge scríofa, leis. Cuirfear na cúrsaí in oiriúint don áit oibre trí bhéim a leagan ar théarmaí riaracháin, mar shampla. Beifear ag féachaint ar roinnt cúrsaí a réachtáil i gcaitheamh an lae agus ag am lóin.
- Cuirfear feasacht teanga san áireamh mar chuid den ionduchtú bliantúil do bhaill foirne nua.
- Aitheantas a thabhairt de réir mar is cuí i dtaobh cúrsaí atá déanta ag daoine.

CAIBIDIL 5 - MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

Déanfaidh an Grúpa Bainistíochta Sinsearach sa bhForas athbhreithniú leanúnach ar oibriú éifeachtach na scéime. Coinneofar taifead ar dhul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil. Is iad na Cinn Rannóige go príomha a dhéanfaidh an mhonatóireacht lá go lá agus atá freagrach as cur i ngníomh na scéime ina réimsí féin.

Déanfar monatóireacht ar an dul chun cinn chun na spriocanna luaite a bhaint amach mar seo a leanas:

- Coinneofar loga ar litreacha, glaonna gutháin, iarratais srl. Gaeilge a fhaightear as chun gur féidir súil a choinneáil ar éileamh
- Taifeadfar an leibhéal caiteachais ar aistriúchán comhfhreagras litreacha, preaseisiúintí, suíomh idirlín, foilseacháin srl.
- Taifeadfar an leibhéal caiteachais ar oiliúint i nGaeilge
- Taifeadfar an leibhéal caiteachais ar fhógraíocht dhátheangach

CAIBIDIL 6 –POIBLIÚ NA SCÉIME ATÁ AONTAITHE

Poibleofar ábhar na scéime seo mar aon leis na gealltanais agus na forálacha chuig an bpobal i gcoitinne mar seo a leanas:

- Preaseisiúint;
- Seoladh oifigiúil na scéime;
- Forálacha a fhógairt;
- Í a scaipeadh ar na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí cuí;
- Suíomh Idirlín.

Cuireadh cóip den scéim seo chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

Is é an leagan Béarla den scéim seo buntéacs na scéime seo.